



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

DRÉACHT 5 - 11 Bealtaine 2017

Plean Oidhreachta & Bithéagsúlachta Chontae na
Gaillimhe
2017-2022



Teachtaireacht ón gCathaoirleach (le cur isteach ar a aontú ag an gComhairle)

Teachtaireacht ó Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin, Chomhairle Chontae na Gaillimhe (le cur isteach ar a aontú ag an gComhairle)

RÉAMHRÁ

An Aidhm

Is é an aidhm atá le *Plean Oidhreachta & Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2017- 2022* cúrsaí oidhreachta agus bithéagsúlachta a bheith i gceartlár an tsaoil phoiblí sa chontae trí thuiscint, rannpháirtíocht, taitneamh, eolas agus meas a chothú i leith na hoidhreachta ionas go ndéantar caomhnú, bainistíocht, cosaint agus cumhdach air do na glúnta atá le teacht.

An Aisling

Go mbeidh meas ar shaibhreas oidhreachta agus bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe, go dtuigfear an fiúntas atá leis agus go ndéanfar a chaomhnú agus a fheabhsú ar bhealach lena léirítear tuiscint ar an stair, ar riachtanais na linne seo agus ar chúrsaí inmharthanachta maidir leis an am atá le teacht.

Cuspóirí

Sonraítear trí cinn de mhórchuspóirí a bheidh de bhonn leis na gníomhartha a dhéantar maidir leis na príomhthéamaí (féach thíos). Seo a leanas na cuspóirí sin:

1. cur leis an tuiscint, leis an meas agus leis an rannpháirtíocht
2. eolas a bhailiú agus eolas a scaipeadh
3. bainistíocht agus caomhnú a dhéanamh ar an oidhreachta, an bhithéagsúlacht san áireamh.

Téamaí

Déanfar gníomhartha a leagan amach faoi gach ceann de na téamaí seo a leanas:

1. rannpháirtíocht an phobail
2. oideachas agus oiliúint
3. taighde agus eolas
4. Chomhairle Chontae na Gaillimhe: daoine, áitribh agus oibreacha
5. caidreamh le geallsealbhóirí agus tabhairt faoi dheiseanna le páirtnéirí eile.

Na gníomhartha

Déanfar an aidhm, an aisling, na cuspóirí agus na téamaí a thabhairt i gcrích le sraith de ghníomhartha straitéiseacha a liostaítear faoi gach ceann acu.

Na gnéithe den oidhreacht a thagann faoi scáth *Phlean Oidhreachta & Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2017-2022*

Tugtar de shainmhíniú ar an oidhreacht faoin Acht Oidhreachta 1995, go dtagann san áireamh léi séadchomharthaí, iarsmaí seandálaíochta, iarsmaí oidhreachta, an oidhreacht ailtireachta, flóra, gnáthóga fiadhúlra, réimsí taobh tíre, réimsí farraige, báid bhriste, gnéithe geolaíochta, uiscebhealaí intíre agus gairdíní agus páirceanna oidhreachta. Déantar soláthar le *Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe Plan 2017-2022* do na gnéithe sin den oidhreacht a shonraítear san Acht. Déantar foráil leis an bplean seo freisin do ghnéithe a bhaineann go háirithe leis an gcontae agus a cheapann muintir Chontae na Gaillimhe le hoidhreacht shaibhir an Chontae, mar shampla, an Ghaeilge, seanchas agus béaloideas, logainmneacha, ceirdeanna traidisiúnta, cúrsaí ginealais, an stair áitiúil agus an oidhreacht cultúir.

Is coimriú an téarma bithéagsúlacht ar 'éagsúlacht bitheolaíochta' a dtugtar de shainmhíniú ina leith i *gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an mBithéagsúlacht* gur ionann é agus an éagsúlacht i measc orgánaigh beo de gach saghas, ina measc, inter alia, éiceachórais ar an talamh tírim, éiceachórais farraige agus éiceachórais uisce de chineálacha eile agus na coimpléacsanna éiceolaíochta a bhfuil siad ina bpáirt díobh; tagann san áireamh an éagsúlacht taobh istigh den aon speiceas amháin, idir speicis agus maidir le héiceachórais. Is féidir a rá go simplí gur ionann an bithéagsúlacht agus an éagsúlacht a bhaineann lena bhfuil beo ar an domhan seo, na difríochtaí idir gach neach beo san áireamh chomh maith leis na modhanna ina mbíonn caidreamh acu lena chéile agus leis an domhan ina dtimpeall.

OIDHREACHT AGUS BITHÉAGSÚLACHT CHONTAE NA GAILLIMHE

Forléargas

Contae na Gaillimhe an dara contae is fairsinge in Éirinn le hachar 6,148 ciliméadar cearnach, cósta 689 ciliméadar agus oileáin go leor amach ón gcósta. Tá teorainneacha ag an gcontae le cúig cinn de chontaetha eile agus tá saibhreas agus éagsúlacht ag baint leis an oidhreacht foirgníochta, nádúrtha agus cultúir ann. Is cuid de shainiúlacht an chontae an éagsúlacht mhór atá ag baint leis an taobh tíre, leis na radharcanna ar an bhfarraige agus leis na cineálacha úsáide a bhaintear as an talamh. Tá an taobh tíre in iarthar na Gaillimhe sceirdiúil iléagsúil leis na sléibhte, réimsí portaigh, aibhneacha, uiscebhealaí agus locha, nuair is leacracha aolchloiche agus an t-iliomad ballaí cloiche na tréithe is sainiúla den taobh tíre in Árainn. Tá na radharcanna ar na réimsí farraige ilchineálach, le hoileáin, leithinseacha agus caoláirí atá domhain cúng. Machaire méith aolchloiche atá íseal droimíneach is saintréith d'oirthear na Gaillimhe le bánta breátha féaraigh, portaigh, córas aibhneacha an tSuca agus na Sionainne agus an talamh calaidh a ghabhann leo, chomh maith le Loch Deirgirt. Tá tréithe sainiúla carstacha agus córas uisce dá chuid féin ag gabháil le talamh íseal Bhoirne. Scarann fairsinge Loch Coirib iarthar agus oirthear an chontae óna chéile den chuid is mó agus ritheann uisce an locha amach i gCuan na Gaillimhe.

An Oidhreacht Nádúrtha

Tá idir aillte sceirdiúla Oileáin Árainn agus thránna gainimh ag baint leis na radharcanna ar réimsí farraige, trá cháiliúil an Dóilín ar an gceann thiar den Cheathrú Rua san áireamh, chomh maith le caoláire fada cúng an Chaoláire Rua lena ngabhann cuid de na radharcanna is scéimhiúla in Éirinn. Gné eile de scéimhe chósta na Gaillimhe na hoileáin amach ón gcósta, mar shampla Inis Bó Finne agus Árainn.

Tá saibhreas bithéagsúlachta i gContae na Gaillimhe le réimse iléagsúil gnáthóg agus speiceas, gnáthóga de chineálacha faoi leith san áireamh ar beag acu atá ar fáil in Éirinn ná ar fud an

domhain, mar shampla, turlaigh, eascracha, leacra aolchloiche, talamh calaidh le haibhneacha agus an machaire mara. Tá talamh féaraigh leathnádúrtha leis an iliomad bláthanna agus portach ardaíthe agus bratphortach, cineálacha talún atá imithe as ar fud cuid mhór dá réimse, ar fáil anseo i gcónaí sna ceantair nach ndearnadh a saothrú go trom. Tá raon leathan de speicis ainmhithe agus plandaí sna gnáthóga seo agus tábhacht faoi leith leo ag feithidí de leithéid na mbeach agus na bhféileacán.

Tarraingíonn an bogach i gContae na Gaillimhe cuid mhór éin uisce i rith an gheimhridh agus tagann an chuach, an fháinleog agus an traonach - cineál atá go mór i gcontúirt - i rith an tsamhraidh go dtagann na cinn óga ar an saol anseo. Tá cósta fada an chontae éagsúil ar go leor bealaí agus maireann réimse ilghnéitheach d'iascáin agus de chineálacha eile farraige leis an gcladach, idir algaí agus inbheirtibrigh, iasc, éin agus mamaigh móra farraige. Maireann cuid mhór cineálacha éisc in uisce glan na n-aibhneacha agus na loch, mar a mhaireann inbheirtibrigh neamhchoitianta, mar shampla an chráifisc liathdhonn agus an diúilicín péarla fionnuisce. Maireann éin de chineálacha éagsúla agus an madra uisce sna limistéir sin freisin.

Tá láithreacha ina bhfuil cuid mhór de na gnáthóga nádúrtha agus leathnádúrtha is tábhachtaí i nGaillimh faoi chosaint mar gheall ar a n-ainmniú mar Limistéar Oidhreachta Náisiúnta (NHA), Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (SAC) nó Limistéar faoi Chosaint Speisialta (SPA) faoi scáth reachtaíocht na hEorpa agus reachtaíocht na tíre seo. Tá speicis éagsúla flóra agus fiadhúlra á gcosaint faoi scáth reachtaíocht na hEorpa agus reachtaíocht na hÉireann chomh maith. Tugtar liosta in Aguisín 1 de na coinbhinsiúin idirnáisiúnta, de na treoracha ón AE agus den reachtaíocht náisiúnta a bhaineann le hábhar oidhreachta an chontae.

An Oidhreachtaí Foirgníochta

Is léir an chaoi ar oibrigh an duine leis an talamh agus leis an bhfarraige ó na bailte is luaithe go dtí bailte an lae inniu, ó na hiarsmaí seandálaíochta go dtí na bailte móra forbartha agus an talamh saothraithe. Áirítear ar ghnéithe den oidhreachtaí foirgníochta leagan amach na sráideanna i mbailte móra agus i sráidbhailte, seantithe eastáit, tuamaí réamhstaire, caisleáin, túrthithe, séipéil agus mainistreacha ó ré na meánaoiseanna, seantithe beaga cónaithe agus foirgnimh eile de dhéanamh na ndaoine, claíochas agus geataí le garranta, seandroichid, céibheanna agus calaidh bheaga agus cuireann siad uilig le tréithíocht an chontae. Is gné eile a chuireann le sainiúlacht an chontae na ballaí cloiche.

An Oidhreachtaí Cultúir

Tá taitneamh agus sult le baint ag gach duine a chónaíonn i gContae na Gaillimhe nó a thagann ar cuairt ann as sean-nósanna na háite. Is gnéithe tábhachtacha d'oidhreachtaí cultúir an chontae an Ghaeilge, an seanchas agus an béaloideas, an cheardaíocht thraidisiúnta, nósanna agus traidisiúin shéasúracha, an stair áitiúil, ceol traidisiúnta na hÉireann, amhránaíocht agus damhsa ar an sean-nós agus an spórt. Tharla tábhacht leis an imirce maidir le saol mhuintir na Gaillimhe agus tá suim mhór dá réir sin i gcúrsaí ginealais. Tá pobal nua níos iléagsúla á chruthú anois leis an imirce ionas go bhfuil oidhreachtaí an chontae faoi athrú seasta.

Oidhreachtaí faoi Athrú

Tá an oidhreachtaí inár dtimpeall. Ní leis an ré atá caite amháin a bhaineann sí ach í faoi athrú ó lá go lá agus is tábhachtach an rud bainistíocht a dhéanamh ina leith trí chinntí lán eolais a dhéanamh d'aon ghnó maidir lena mbeidh i ndán di. Is trí straitéis shoiléir chomhleanúnach a bheith ar bun, agus aird ar an bhfiúntas atá leis an oidhreachtaí maidir le caighdeán an tsaoil ag muintir na Gaillimhe agus ag na cuairteoirí, is fearr is féidir sin a bhaint amach.

An Obair a rinneadh faoi Phleananna roimhe seo

Tugadh faoi líon is mó ná 100 tionscnamh maidir le cúrsaí oidhreachta agus bithéagsúlachta faoi *Phlean Oidhreachta Chontae na Gaillimhe 2010-2016* agus faoi *Phlean Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2008 - 2013*, le comhoibriú agus díograis Fhóram Oidhreachta Chontae na Gaillimhe, Ghrúpa Stiúrtha Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe le linn ré feidhme na bpleananna sin. Tugtar liosta de na tionscnaimh sin in Aguisín 2. Tá breis eolais ar fáil ach na naisc seo a leanas a thapú:

<http://heritage.galwaycommunityheritage.org/>

<http://biodiversity.galwaycommunityheritage.org>

PLEAN OIDHREACHTA & BITHÉAGSÚLACHTA CHONTAE NA GAILLIMHE 2017 - 2022

Is creatcháipéis *Plean Oidhreachta & Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2017 - 2022* chun cuidiú linn an aisling maidir le hoidhreachta agus bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe a thabhairt i gcrích as seo go ceann sé bliana. Oibreoidh Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe le hOifigeach Oidhreachta Chontae na Gaillimhe agus leis an mBainisteoir Tionscadail Bithéagsúlachta maidir le comhordú a dhéanamh agus an plean a thabhairt i gcrích. Féachtar leis an bPlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta nua seo le cur an athuair lena baineadh amach faoi phlean 2004-2008 agus phlean 2010-2016 agus leis na hathruithe ar an timpeallacht náisiúnta agus ar an timpeallacht áitiúil ó foilsíodh na pleananna sin a thabhairt san áireamh.

Tá ionadaíocht thar ceann earnálacha leasmhara ar Fhóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe, ina measc an rialtas áitiúil, gníomhaireachtaí stáit, eagraíochtaí neamhrialtais, feirmeoirí agus úinéirí eile talún, gníomhaireachtaí forbartha áitiúla agus réigiúnacha, earnáil an oideachais agus earnáil na hoidhreachta agus earnáil an phobail agus na n-eagraíochtaí deonacha.

Cuireadh an Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta ar bun sa bhliain 2004 chun lón comhairle agus treorach a chur ar fáil maidir le Pleananna Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe a chur i dtoll a chéile agus a chur i bhfeidhm, agus chun cláir oibre bhliantúla a chur le chéile agus a thabhairt faoi athbhreithniú.

Ar an gcuma chéanna agus a rinneadh maidir le Pleananna Oidhreachta Chontae na Gaillimhe roimhe seo, chuir Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe trí cinn de ghrúpaí oibre ar bun chun cuidiú le plean 2017-2022 a thabhairt chun cinn. Comhaltaí de chuid an Fhórait a bhí ina gcomhaltaí ar gach grúpa oibre. Féadann na grúpaí oibre chomh maith cuireadh a thabhairt do dhaoine nach comhaltaí de chuid an Fhórait iad ach a bhfuil tuiscint agus saineolas acu ar bheart faoi leith nó ar thionscnamh faoi leith páirt a ghlacadh san obair. Rinne gach ceann de na grúpaí oibre an 'Cháipéis Oibre' maidir leis an bPlean Oidhreachta a mheas chomh maith le gach aighneacht a cuireadh faoi bhráid. Seo a leanas na grúpaí oibre éagsúla agus na réimsí den oidhreachta a bhí á mbreithniú acu:

An Grúpa Oibre maidir le Bithéagsúlacht agus an Oidhreachta Nádúrtha

• Flóra • Fiadhúlra • Gnáthóga Fiadhúlra • Réimsí Taobh Tíre • Réimsí Farraise • Gnéithe Geolaíochta • Uiscebhealaí Intíre • Seirbhísí Éiceachórais • Caipiteal Nádúrtha • Gnáis Thraidisiúnta maidir le hÚsáid Talún

An Grúpa Oibre maidir leis an Oidhreachta Cultúir

• Iarsmaí Seandálaíochta • Iarsmaí Oidhreachta • An Ghaeilge • Béaloideas, Seanchas agus an Oidhreacht Béil • Cúrsaí Ginealais • Iarsmalanna agus Cartlanna • An Stair Áitiúil • Oideachas Oidhreachta • Logainmneacha • An Oidhreacht Neamh-inláimhsithe • An Oidhreacht Snámha • An Oidhreacht Mara • Slite Oidhreachta • An Oidhreacht Dhigiteach • Ceardaíocht Thraidisiúnta

An Grúpa Oibre maidir leis an Oidhreacht Foirgníochta

• Séadchomharthaí • An Oidhreacht Seandálaíochta • Gairdíní agus Páirceanna Oidhreachta • Báid Bhriste • An Oidhreacht Tionsclaíochta • Foirgnimh Seandálaíochta • Uiscebhealaí Intíre

Eagraítear cruinnithe de chuid na ngrúpaí oibre nuair a bhíonn gá leo chun gníomhartha agus tionscnaimh faoi leith a thabhairt chun cinn. Tugtar liosta in Aguisín 3 de chomhaltaí an Fhórait agus de chomhaltaí na ngrúpaí oibre.

Déanann an Fóram gach bliain bearta a mholadh agus a phlé a mbeadh súil lena gcur i gcrích an bhliain dár gcionn. Is féidir le heagraíochtaí oidhreachta áitiúla, scoileanna nó grúpaí pobail moltaí a chur faoi bhráid chomh maith ar riachtanas oidhreachta faoi leith a thabhairt chun suntais ar an leibhéal áitiúil dóibh nó d'fhéadfadh moladh a theacht chomh maith ó fhoras léinn nó ó eagraíocht rialtais.

Comhar Páirtnéireachta

Tá de pholasaí, ó cuireadh na pleananna oidhreachta agus bithéagsúlachta tosaigh ar bun, oibriú i gcomhar leis an oiread daoine agus eagraíochtaí agus is féidir. Rinneadh an plean seo freisin a thabhairt chun cinn leis an gcur chuige céanna. Beidh páirtnéireachtaí straitéiseacha i gceist lena chur i bhfeidhm ionas go gcinntítear go mbíonn baint ag muintir na Gaillimhe féin leis an bplean a thabhairt i gcrích. Féachfaidh an Fóram chomh maith lena chinntiú go mbíonn na prionsabail maidir le huilechuimsitheacht shóisialta ina slánchuid de gach gné a ghabhann leis an bplean seo a thabhairt i gcrích. Bhí an comhairliúchán ina chuid lárnach den obair maidir leis an bplean a chur le chéile. Tugtar forléargas mionsonraithe ar an bpróiseas comhairliúcháin in Aguisín 4.

Féachann an Fóram, anuas air sin, le tabhairt faoi thionscadail, idir thionscadail mhóra agus thionscadail bheaga, lena mbaineann oiread gnéithe den oidhreacht agus is féidir, i ngach ceann de cheantair bardais limistéar an údarais áitiúil. Tabharfar tús áite do bhearta a thagann le polasaithe agus le cláir na n-eagraíochtaí ábhartha rialtais agus neamhrialtais.

An Sárchleachtas maidir le Cúrsaí Oidhreachta

Beidh na prionsabail maidir le forbraíocht inmharthana á gcur i bhfeidhm maidir leis na gníomhartha ar fad a dhéanann an Fóram agus aon ghníomhartha a eascraíonn san am atá romhainn as *Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2017–2022*, déanfar iad i gcomhréir leis an dea-chleachtas faoi mar a thuigtear sin ag an am agus leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm ag an am. Ní cheadófar tionscadal ar bith a mbeadh tionchar chun dochair aige ar láthair oidhreachta nó ar iarsma oidhreachta ná ar aon láthair chosanta.

Féachfaidh an Fóram lena chinntiú go mbíonn gach tuarascáil, suirbhé agus saothar staidéir a dhéantar faoi choimirce *Phlean Oidhreachta & Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2017–2022* ar fáil chomh furasta agus chomh coitianta agus is féidir. I gcomhréir leis an bprionsabal teorach sin, cuirtear tuarascáil chinn bhliana ina mbíonn cuntas ar na bearta ar fad a dhéantar, faoi bhráid an Fhórait, Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus na Comhairle Oidhreachta. Cuirfear torthaí saothair na dtionscadal ar fáil i bhformáid dhigiteach nuair is praiticiúil sin. Tugtar na buiséid atá ar fáil san áireamh maidir leis na bearta agus na tionscnaimh a thabhairt i gcrích.

Plean Oidhreachta & Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2017-2022 i ndáil leis an bPlean Náisiúnta Oidhreachta, Cultúr 2025 agus an Plean Náisiúnta Bithéagsúlachta, Éire Ildánach, Plean Cultúir Chontae na Gaillimhe, Gaillimh 2020 – cuirfear téacs breise isteach i ndáil leis na pleananna etc. thuasluaite

An Plean Náisiúnta Oidhreachta

Leagtar síos an creatchóras don phlean nua seo, mar a rinneadh i ndáil leis na pleananna roimhe seo, sa Phlean Náisiúnta Oidhreachta. In earrach na bliana 2002 a d'fhoilsigh an Rialtas an Plean Náisiúnta Oidhreachta ina ndeirtear go bhfuil d'aidhm ag an rialtas a chinntiú go ndéantar an oidhreacht a chosaint agus an taitneamh as a chur chun cinn don uile dhuine. Is é is tábhachtaí maidir leis an gcuspóir sin a thabhairt i gcrích go ndéantar Pleananna Oidhreachta Áitiúla a ullmhú agus a aontú agus go mbíonn baint ag fóraim oidhreachta áitiúla, trína dtugtar le chéile an pobal, na húdaráis áitiúla agus an Rialtas, leis sin a dhéanamh. Sonraítear sna pleananna oidhreachta áitiúla na bearta is gá chun an oidhreacht a chosaint ar an leibhéal áitiúil agus taitneamh a bhaint as. Luaitear sa Phlean Náisiúnta Oidhreachta freisin go gcuirfear ar fáil leis na Pleananna Oidhreachta Áitiúla modh oibre trína ndéantar fairsingiú suntasach ar rannpháirtíocht an phobail i gcosaint na hoidhreachta.

Tá ar na príomhchoincheapanna sa phlean náisiúnta seo go gcuirtear cosaint na hoidhreachta agus taitneamh as an oidhreacht i gceartlár an tsaoil phoiblí. Cuirtear chun cinn leis an gcoincheap sin an smaoineamh gur mó atá cosaint na hoidhreachta ina bheart de chuid an phobail féin. Ceaptar an úinéireacht sin a bheith ina gné bhunúsach den fhorbairt inmharthanach agus den chaighdeán maith saoil ag an uile dhuine a bhaint amach.

Tagann *Plean Oidhreachta & Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2017-2022* faoi anáil an *Phlean Náisiúnta Oidhreachta* agus an *Phlean Náisiúnta Bithéagsúlachta* maidir le cuid mhór de na polasaithe agus de na cuspóirí, mar shampla an oidhreacht agus an bhithéagsúlachta a bheith i gceartlár an tsaoil phoiblí, aird ar an oidhreacht a chur chun cinn, eolas a fháil agus a scaipeadh, agus an oidhreacht agus an bhithéagsúlacht a chosaint. Tugtar chun aire sa dá phlean náisiúnta gur ar an leibhéal áitiúil is fearr a dhéantar bainistíocht agus cosaint i ndáil leis an oidhreacht agus gur gá pleananna gníomhaíochtaí áitiúla a fhorbairt maidir leis an oidhreacht agus leis an mbithéagsúlacht. Tá d'aidhm le *Plean Oidhreachta & Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2017-2022* cur leis an aird ar an oidhreacht agus ar an mbithéagsúlacht mar bheart tús áite sa chontae an tráth céanna a gcloítear leis an gcreatchóras náisiúnta.

Aontú an SPC – téacs le cur isteach anseo tráth is faide anonn

CÁIPÉISÍ, PLEANANNA AGUS STRAITÉISEÍ TREORACH

Luaitear liosta cuimsitheach de cháipéisí, pleananna agus straitéisí treorach in Aguisín 5, lena n-áirítear **Cultúr 2025, Éire Ildánach, Plean Cultúir Chontae na Gaillimhe** **Tabharfar eolas faoi na pleananna agus na tionscnaimh sin tráth is faide anonn ó tá roinnt acu á dtabhairt chun críche faoi láthair..**

RÓL CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE, AN OIFIGIUGH OIÐHREACHTA AGUS AN BHAINISTEORA TIONSCADAIL BITHÉAGSÚLACHTA

Comhairle Chontae na Gaillimhe a chuir tús le próiseas Phlean Oidhreachta & Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe agus rinneadh éascaíocht don fhorbairt ar an bplean trí Oifigeach Oidhreachta Contae Chontae na Gaillimhe, trí Bhainisteoir Tionscadail Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe agus trí Oifig Oidhreachta Chontae na Gaillimhe.

CÚRSAÍ CUMARSÁIDE

Tá Fóram Oidhreachta & Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe den tuairim go bhfuil buntábhacht leis an gcomhairliúchán agus leis an gcumarsáid maidir le *Plean Oidhreachta & Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe* a fhorbairt agus a chur i gcrích le barr éifeachta. Tá an Fóram tugtha don chaidreamh oscailte idir na geallsealbhóirí go léir agus don chumarsáid leis an bpobal i ndáil leis an bplean seo a chur i bhfeidhm.

RÁITEAS STRAITÉISE

Réamhrá

Tá *Plean Oidhreachta & Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2017-2022* bunaithe ar gníomhartha. Déanfaidh an Fóram maoirseacht maidir le cur i bhfeidhm an phlean go ginearálta. D'fhéadfadh go mbeadh páirtneírí i gceist le céim an chur i bhfeidhm i ndáil le gníomhartha faoi leith sa chás go mbíonn gá leis sin. Comhairle Chontae na Gaillimhe an páirtneír ceannródaíochta agus déanfaidh Oifigeach Oidhreachta Chontae na Gaillimhe, Bainisteoir Tionscadail Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe agus Seandálaí Pobail Chontae na Gaillimhe comhordú ar thionscadail i gcásanna éagsúla. D'fhéadfadh cúnaimh a bheith acu ina leith sin ó chomhaltaí de chuid an Fhóraithe de réir mar is cuí.

Tráthchlár

Leagtar amach gníomhartha ar feadh tréimhse sé bliana i b*Plean Oidhreachta & Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2017-2022*. Aontóidh an Fóram gach bliain maidir le clár oibre mionsonraithe bunaithe ar na gníomhartha a liostaítear sa phlean reatha agus déanfar tráthchlár a lua maidir leis na gníomhartha a thabhairt i gcrích, foinsí airgid a shonrú, tionscadail a leagan amach i ndáil le gníomhartha áirithe agus aontú ar pháirtneírí ceannródaíochta agus ar chomhpháirtneírí eile. Beidh sin faoi réir ag acmhainní agus cistí a bheith ar fáil don bhliain.

Cúrsaí Airgid

Tá cúinsí airgid faoi mar atá siad faoi láthair curtha san áireamh ag an bhFóram ach is gá a choinneáil i gcuimhne gur féidir le hathrú a theacht ar chúrsaí eacnamaíochta agus ar theagmhais eile i rith ré feidhme an phlean. D'fhéadfadh go mbeadh gníomhartha beartaithe nach gcuirfí i gcrích i rith ré feidhme an phlean mar gheall ar shrianta airgid nó ar shrianta de chineálacha eile.

Tá buiséad isteach is amach le **XXXX** measta i ndáil leis na bearta a thabhairt i gcrích le linn ré feidhme phlean 2017-2022.

Cuireann an Chomhairle Oidhreachta páirtmhaoiniú ar fáil maidir le Pleananna Oidhreachta agus Bithéagsúlachta na n-údarás áitiúil a chur i bhfeidhm. Ionas go mbeifí i dteideal chistíocht den sórt sin, ní mór do chomhaltaí tofa Chomhairle Chontae na Gaillimhe Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta a aontú agus a cheadú. Beidh ciste á lorg gach bliain chomh maith as buiséad Chomhairle Chontae na Gaillimhe féin agus ó eagraíochtaí páirtneireachta. D'fhéadfadh go gcuirfidh páirtneírí áirithe sochar comhchineáil ar fáil, mar shampla saineolas nó spás oifige.

Monatóireacht agus Breithmheas

Déanfaidh Fóram Oidhreachta Chontae na Gaillimhe monatóireacht ar na cláir oibre bliantúla. Beidh an dul chun cinn á mheas gach bliain.

Plean Bithéagsúlachta & Oidhreachta Nádúrtha Chontae na Gaillimhe 2017 – 2022

Cuspóir 1 Tuiscint, Meas agus Rannpháirtíocht	Cuspóir 2 Bailiú Eolais, Scaipeadh Eolais agus Oideachas	Cuspóir 3 Caomhnú agus Bainistíocht		
Téamaí	1	2	3	
<p>Rannpháirtíocht an Phobail</p> <p>Caidreamh a chothú leis an bpobal trí chur chuige na huilechuimsitheachta a chleachtadh.</p> <p>Eolaíocht an tsaoránaigh a chur chun cinn agus freastal dó – grúpaí a spreagadh agus a chur ar a gcumas páirt a ghlacadh i bhfeachtais náisiúnta eolaíochta don saoránach e.g. Coastwatch, monatóireacht ar fhéileacáin agus suirbhéireacht daoine deonacha maidir leis an sciathán leathair.</p> <p>Pleananna Áitiúla Bithéagsúlachta agus Oidhreachta Nádúrtha a chur le chéile leis an bpobal áitiúil.</p> <p>Tionscadail phraiticiúla caomhnúcháin agus athchóiriúcháin a thabhairt chun cinn agus an pobal i gcomharsanachtaí éagsúla a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa bhainistíocht ar láithreacha a bhfuil tábhacht leo maidir leis an mbithéagsúlacht go háitiúil.</p> <p>An pobal i gcomharsanachtaí éagsúla a spreagadh chun cur isteach ar chistíocht trí ghníomhaireachtaí eile faoi thionscadail bithéagsúlachta agus oidhreachta nádúrtha agus cuidiú leo ina bhun sin.</p> <p>An pobal i gcomharsanachtaí éagsúla a spreagadh chun oibriú i gcomhar le gníomhaireachtaí éagsúla ar thionscadail bithéagsúlachta agus oidhreachta nádúrtha.</p> <p>Aird a tharraingt ar obair na ngrúpaí pobail, í a chur chun cinn agus cuidiú léi le www.galwaycommunityheritage.org, na meáin shóisialta agus meáin chumarsáide eile.</p> <p>Nótaí teorach a chur le chéile do ghrúpaí pobail a bheadh ag tabhairt faoi thionscadail bithéagsúlachta nó oidhreachta nádúrtha faoi cheisteanna nach mór iad a thabhairt faoi mheas sula dtosaítear ar an tionscadal.</p>	<p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p>	<p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p>	<p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p>	
<p>Oideachas agus Oiliúint</p> <p>Éascaíocht a dhéanamh do scaipeadh idirghníomhach ar eolas idir grúpaí éagsúla agus don fhoghlaim bunaithe ar an bpobal.</p> <p>Coinneáil ar an eolas faoin dea-chleachtas agus faoi na coinníollacha ar</p>	<p>✓</p>	<p>✓</p>		

Cuspóir 1 Tuiscint, Meas agus Rannpháirtíocht	Cuspóir 2 Bailiú Eolais, Scaipeadh Eolais agus Oideachas	Cuspóir 3 Caomhnú agus Bainistíocht		
Téamaí	1	2	3	
<p>fad faoin reachtaíocht maidir le cúrsaí oidhreachta, cúram agus caomhnú maidir leis an oidhreacht nádúrtha agus leis an mbithéagsúlacht, agus oiliúint a chur ar fáil maidir leis na réimsí sin.</p> <p>Cuidiú le scileanna bithéagsúlachta agus oidhreachta nádúrtha a fhorbairt – i measc an phobail, in eagraíochtaí deonacha agus i measc fhoireann na Comhairle Contae, idir speicis a aithint agus a thuairisciú agus bearta caomhnúcháin praiticiúla.</p> <p>Cuidiú le hearnáil an ghnó agus na tionsclaíochta i ndáil le hoideachas agus oiliúint bithéagsúlachta agus oidhreachta nádúrtha e.g. i ndáil le héiceathurasóireacht, geothurasóireacht, bainistíocht inmharthanachta ar acmhainní, caipiteal nádúrtha.</p> <p>Cuidiú le scoileanna, forais trú leibhéal agus ionaid gairmoiliúna i ndáil le tionscnaimh bithéagsúlachta agus oidhreachta nádúrtha ar mhaithe leis an dúlra agus le pobal na scoile go ginearálta.</p> <p>Scileanna agus uirlisí teicneolaíochta a fhorbairt a chuideodh leis an oideachas sa bithéagsúlacht.</p>	<p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p>	<p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p>		
<p>Taighde agus Eolas</p> <p>Sonraí agus eolas faoin mbithéagsúlacht agus faoin oidhreacht nádúrtha i gContae na Gaillimhe a bhailiú, a thiomsú agus a sholáthar ionas go gcuirtear bonn daingean faoin eolas a bhíonn ar fáil ag lucht cinntí.</p> <p>An caidreamh le lucht taighde, forais oideachais, iarsmalanna agus leabharlanna a choinneáil ar bun agus a thabhairt chun cinn.</p> <p>Mapáil bithéagsúlachta agus oidhreachta nádúrtha a chur chun cinn e.g. láithreacha maidir leis an oidhreacht geolaíochta nó leis an oidhreacht fionnuisce agus mara.</p> <p>Féachaint le heolas a scaipeadh ar eagraíochtaí agus ar ghníomhaireachtaí ábhartha.</p>		<p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p>		
<p>Comhairle Chontae na Gaillimhe: Daoine, Áitribh agus Oibreacha</p> <p>Slánchuid de ghéithe áirithe d'obair Chomhairle Chontae na Gaillimhe a dhéanamh de chúrsaí bithéagsúlachta agus den oidhreacht nádúrtha</p> <p>Cúrsaí Polasáí: A chinntiú go dtugtar an bithéagsúlacht agus an oidhreacht nádúrtha san áireamh ag an gcéim is luaithe maidir le pleananna nua agus cáipéisí straitéise a chur i dtoll a chéile.</p> <p>Tionscadail: Slánchóiriú na bithéagsúlachta i bpleananna oibre agus ag</p>			<p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p>	

Cuspóir 1 Tuiscint, Meas agus Rannpháirtíocht	Cuspóir 2 Bailiú Eolais, Scaipeadh Eolais agus Oideachas	Cuspóir 3 Caomhnú agus Bainistíocht		
Téamaí	1	2	3	
<p>an gcéim is luaithe (dearadh) de thionscadail i gcúrsaí forbartha a chur chun cinn.</p> <p>Pleanáil – caomhchóiriú a thabhairt ar na córais maidir le cúrsaí bithéagsúlachta i ndáil le hiarratais ar chead pleanála d'fhorbraíocht.</p> <p>Acmhainní agus córais taca mar lón eolais ag lucht cinntí.</p> <p>An post d'oifigeach bithéagsúlachta lánaimseartha a chur ar bun i gComhairle Chontae na Gaillimhe.</p> <p>Féachaint le héiceolaithe a fhostú go lánaimseartha i gComhairle Chontae na Gaillimhe.</p> <p>Oibreoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe go forbheartach maidir le coinníollacha faoin reachtaíocht agus straitéisí náisiúnta maidir leis an oidhreacht/bithéagsúlacht a chur i bhfeidhm, mar shampla: An Plean Náisiúnta Pailíneadóirí, na Pleananna Náisiúnta Bainistíochta maidir le gnáthóga agus speicis agus an Plean Náisiúnta Bithéagsúlachta.</p> <p>Straitéis Chontae na Gaillimhe maidir le Speicis Ionracha a chur i bhfeidhm</p> <p>Bainistíocht ar pháirceanna agus ar réimsí glasa, lena n-áirítear colbha an bhóthair, fála sceach, draenacha, díoga agus aibhneacha, a chur chun cinn. (Páirt a ghlacadh i scéim na bPáirceanna Glasa).</p> <p>Iníúchadh a dhéanamh, maidir le cúrsaí bithéagsúlachta, ar áitribh a thagann faoi úinéireacht Chomhairle Chontae na Gaillimhe.</p> <p>Ábhar atá cóiriúil maidir le cúrsaí inmharthanachta agus an timpeallacht a úsáid i ndáil le foilseacháin, forbairt agus ócáidí.</p>			✓	
<p>Caidreamh le geallsealbhóirí agus tabhairt faoi dheiseanna</p> <p>Oibriú i gcomhar le geallsealbhóirí maidir le gníomh éifeachtúil i ndáil leis an mbithéagsúlacht agus leis an oidhreacht nádúrtha.</p> <p>Deiseanna cistíochta a aimsiú agus oibriú le páirtneirí tionscadail d'fhonn aidhmeanna an Phlean Bithéagsúlachta agus Oidhreachta Nádúrtha a thabhairt i gcrích.</p> <p>Caidreamh a chothú idir geallsealbhóirí agus ranna rialtais agus gníomhaireachtaí eile a bhaineann le hábhar maidir le cásanna ina</p>	✓	✓	✓	✓

Cuspóir 1 Tuiscint, Meas agus Rannpháirtíocht	Cuspóir 2 Bailiú Eolais, Scaipeadh Eolais agus Oideachas	Cuspóir 3 Caomhnú agus Bainistíocht		
Téamaí		1	2	3
dtagann an reachtaíocht agus polasaithe faoi úsáid talún agus faoi bhainistíocht talún salach ar a chéile.				

An Plean Oidhreachta Cultúir 2017 - 2022

Cuspóir 1 Tuiscint, Meas agus Rannpháirtíocht	Cuspóir 2 Bailiú Eolais agus Scaipeadh Eolais	Cuspóir 3 An Polasaí Caomhnúcháin & Gníomhartha Caomhnúcháin		
Téamaí		1	2	3
Rannpháirtíocht Phobal na hÁite				
Cuidiú leis an ról rífhiúntach atá le pobal na háite maidir leis an oidhrecht cultúir ar fud an chontae a chaomhnú agus a chur chun cinn.		✓		
Comhar páirtnéireachta a thabhairt chun cinn agus ceangal le gach leibhéal den phobal a chothú agus a neartú, grúpaí áitiúla, daoine aonair, scoileanna, forais léinn, gníomhaireachtaí reachtúla agus neamhreachtúla san áireamh.		✓	✓	
Eolaíocht don saoránach a chur chun cinn agus a éascú.				✓
Úsáid na Gaeilge i gcúrsaí oidhreachta a chur chun cinn agus a spreagadh trí na gníomhartha, trí na tionscadail, tríd an mbeartaíocht agus leis na hacmhainní.			✓	
Daoine aonair, grúpaí, eagraíochtaí neamhrialtais agus earnáil an oideachais a spreagadh maidir le cur isteach ar chistíocht oidhreachta agus ar acmhainní agus cuidiú leo ina bhun sin.			✓	
Eolas maidir leis an oidhrecht cultúir a bhailiú, a thairneadh agus a scaipeadh agus an t-eolas sin a chur ar fáil i bhformáid atá éasca le tapú.				✓
Oibriú le pobal na háite i gcomharsanachtaí éagsúla maidir le múnlaí den sárchleachtas a thabhairt chun cinn i ndáil leis an oidhrecht cultúir.		✓	✓	
Aird a tharraingt ar obair na ngrúpaí pobail, í a chur chun cinn agus cuidiú léi le www.galwaycommunityheritage.org , na meáin shóisialta agus meáin chumarsáide eile.				
Oideachas agus Oiliúint			✓	✓

Cuspóir 1 Tuiscint, Meas agus Rannpháirtíocht	Cuspóir 2 Bailiú Eolais agus Scaipeadh Eolais	Cuspóir 3 An Polasaí Caomhnúcháin & Gníomhartha Caomhnúcháin		
Téamaí	1	2	3	
<p>Éascaíocht a dhéanamh d'fhoghlaim atá bunaithe sa phobal idir grúpaí éagsúla.</p> <p>Cúrsaí, ceardlanna agus oiliúint a thabhairt chun cinn a chuideoidh leis na cuspóirí i ndáil leis an oidhreacht cultúir a bhaint amach.</p> <p>Scileanna agus uirlisí teicneolaíochta a thabhairt chun cinn a chuideoidh leis an bhfoghlaim maidir leis an oidhreacht cultúir.</p> <p>An sárchleachtas maidir le foilseacháin oidhreachta a chur chun cinn i ndáil leis an taighde, an tiomsú agus a gcur ar fáil.</p> <p>Cúrsaí creidiúnaithe atá ar fáil faoi láthair a chur chun cinn agus scrúdú a dhéanamh maidir le cúrsaí breise a fhorbairt.</p>	✓	✓	✓ ✓ ✓ ✓	
<p>Taighde agus Eolas faoin Oidhreacht Cultúir</p> <p>Bearnaí san eolas ar an oidhreacht cultúir a thabhairt chun suntais agus plean gníomhaíochta a thabhairt chun cinn d'fhonn dul i ngleic leis na bearnaí sin.</p> <p>Oibriú le forais léinn, an pobal i gcomharsanachtaí éagsúla, scoileanna, gníomhaireachtaí eile i ndáil le hobair taighde ar an oidhreacht cultúir.</p> <p>Féachaint le cúnaimh a thabhairt don phobal i gcomharsanachtaí éagsúla taighde a dhéanamh ar chaighdeán an tsárchleachtas maidir le hoidhreacht cultúir an phobail.</p> <p>Teimpléidí sárchleachtas a thabhairt chun cinn i ndáil le hobair taighde ar an oidhreacht cultúir agus le torthaí saothair tionscadail a thabhairt i gcrích.</p> <p>Torthaí na hoibre taighde ar an oidhreacht cultúir a dhigitiú agus a chur ar fáil do lucht léite, éisteachta agus féachana chomh fairsing agus is féidir.</p> <p>Tabhairt faoi thionscadail maidir leis an oidhreacht béaloidis.</p> <p>Taighde a dhéanamh faoi ghnéithe den oidhreacht cultúir nach bhfuil oiread sin ar eolas fúthu.</p> <p>www.galwaycommunityheritage.org agus www.galwaydecadeofcommemoration.org a chur chun cinn agus forbairt bhreise a dhéanamh orthu</p> <p>Leanúint ag obair i gcomhar le daoine i gContae na Gaillimhe agus leis</p>	✓ ✓ ✓	✓ ✓ ✓	✓ ✓ ✓ ✓ ✓ ✓ ✓	

Cuspóir 1 Tuiscint, Meas agus Rannpháirtíocht	Cuspóir 2 Bailiú Eolais agus Scaipeadh Eolais	Cuspóir 3 An Polasaí Caomhnúcháin & Gníomhartha Caomhnúcháin		
Téamaí	1	2	3	
<p>an bpobal i gcomharsanachtaí éagsúla.</p> <p>Beart iniúcháireachta a dhéanamh maidir le hábhar cartlainne atá faoi úinéireacht phríobháideach agus treoirlínte a chur ar fáil maidir leis an ábhar a stóráil go cuí agus a thuairisc a chur ar taifead.</p>				
<p>Comhairle Chontae na Gaillimhe: Daoine, Áitribh agus Oibreacha</p> <p>Ábhar, treoirlínte, cúrsaí agus teicneolaíocht a thabhairt chun cinn a bheidh ina chuidiú maidir leis an oidhreacht cultúir a chaomhnú agus an sárchleachtas a chur chun tosaigh.</p> <p>Iniúchadh a dhéanamh maidir leis na hiarsmalanna áitiúla agus na hionaid oidhreachta ar fud an chontae.</p> <p>Oiliúint a chur ar fáil agus treoirlínte a chur le chéile faoi bhearta iniúcháireachta a dhéanamh maidir leis san oidhreacht cultúir, agus na treoirlínte sin a scaipeadh.</p> <p>Féachaint le taifid stairiúla agus ábhar eile maidir leis an gcontae a dhigitú agus a chur ar fáil.</p> <p>Forbairt bhreise a thabhairt ar an tseirbhís cartlainneachta agus cuidiú le caighdeán ISO a bhaint amach.</p> <p>Leanúint leis an bhforbairt ar an láithreán gréasáin www.galwaycommunityheritage.org agus cúnamh a chur ar fáil do phobail éagsúla a bhfuil eolas faoin oidhreacht agus ábhar le cur ar láithreáin gréasáin á chur i dtoll a chéile acu.</p>			<p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p>	
<p>Caidreamh le geallsealbhóirí agus tabhairt faoi dheiseanna</p> <p>Oibriú i gcomhar le geallsealbhóirí maidir le gníomh éifeachtúil i ndáil leis an oidhreacht cultúir.</p> <p>Deiseanna cistíochta a aimsiú agus oibriú le páirtneirí tionscadail d'fhonn tionscadail i gcomhar i ndáil leis an oidhreacht cultúir a thabhairt i gcrích.</p> <p>Páirt a ghlacadh in imeachtaí oidhreachta de leithéid Gaillimh 2020, Réigiún Eorpach na Gastranamaíochta, an tSeachtain Oidhreachta, Seachtain na gCrann, an Oíche Cultúir, Cruinniú na gCásca, Bliain na hEorpa maidir leis an Oidhreacht Cultúir 2018, Éire Ildánach, Cruinniú na mBád agus clár imeachtaí eile ar théamaí éagsúla.</p>	<p>✓</p> <p>✓</p>	<p>✓</p>		

An Plean maidir leis an Oidhreacht Foirgníochta 2017 - 2022

Cuspóir 1 Tuiscint, Meas agus Rannpháirtíocht	Cuspóir 2 Bailiú Eolais agus Scaipeadh Eolais	Cuspóir 3 An Polasaí Caomhnúcháin & Gníomhartha Caomhnúcháin		
Téamaí	1	2	3	
<p>An Pobal agus Rannpháirtíocht Mhuintir na hÁite</p> <p>Cuidiú leis pobal comharsanachtaí, grúpaí áitiúla san áireamh, a tionscadail agus cuspóirí oidhreachta dá gcuid a thabhairt i gcrích ar chaighdeán an dea-chleachtais i gcúrsaí oidhreachta agus comhoibriú agus comhlíonadh a spreagadh le páirtneirí.</p> <p>Clár oiliúna agus tionscadail a fhorbairt i gcomhar leis an bpobal áitiúil agus le heagraíochtaí eile a léiríonn an dea-chleachtas maidir leis an oidhreacht foirgníochta.</p> <p>Éascaíocht a dhéanamh maidir le caidreamh idir pobal áitiúil agus geallsealbhóirí.</p> <p>Spreagadh agus cúnaimh a thabhairt don phobal áitiúil chun cur isteach ar chistíocht do thionscnaimh maidir leis an oidhreacht foirgníochta.</p> <p>Rannpháirtíocht an tsaoránaigh i dtionscadail eolaíochta poiblí a chur chun cinn agus freastal dó.</p> <p>Aird a dhíriú ar an rannpháirtíocht i gcúrsaí oidhreachta agus a chur chun cinn le www.galwaycommunityheritage.org agus láithreáin gréasáin eile, na meáin shóisialta agus foilseacháin.</p> <p>An ceangal agus an caidreamh idir earnáil na n-ealaíon, an oidhreacht foirgníochta agus earnáil an chultúir a chothú.</p>	<p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p>	<p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p>		
<p>Oideachas agus Oiliúint</p> <p>Freastal don fhoghlaim idirghníomhach, atá bunaithe sa phobal, idir grúpaí éagsúla.</p> <p>An tuiscint ar an oidhreacht foirgníochta agus ar chúrsaí caomhnúcháin a chothú agus an dea-chleachtas a thabhairt chun cinn agus oiliúint a chur ar fáil ina leith.</p>	<p>✓</p> <p>✓</p>	<p>✓</p> <p>✓</p>	<p>✓</p>	

Cuspóir 1 Tuiscint, Meas agus Rannpháirtíocht	Cuspóir 2 Bailiú Eolais agus Scaipeadh Eolais	Cuspóir 3 An Polasaí Caomhnúcháin & Gníomhartha Caomhnúcháin		
Téamaí	1	2	3	
<p>Scileanna teicneolaíochta agus ceardaíochta a thabhairt chun cinn a chuideoidh leis an oideachas maidir leis an oidhreacht foirgníochta.</p>		✓	✓	
<p>Taighde agus Eolas</p> <p>Cur leis an lón eolais don lucht cinntí agus féachaint lena choinneáil ar fáil. Bearnaí maidir leis an eolas faoin oidhreacht foirgníochta don lucht cinntí a thabhairt chun suntais.</p> <p>Eolas faoi reachtaíocht na hoidhreachta, láithreacha faoi chosaint, Séadchomhartha Taifeadta agus Déanmhais Chosanta etc. a sholáthar agus a chur ar fáil.</p> <p>Caidreamh le taighdeoirí, forais oideachais, iarsmalanna, leabharlanna agus cartlanna a thabhairt chun cinn agus a chothú.</p> <p>Malartú eolais a spreagadh idir forais tríú leibhéal agus dreamanna a shaothraíonn ar mhaithe leis an oidhreacht foirgníochta.</p>	<p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p>	<p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p>		
<p>Comhairle Chontae na Gaillimhe: Daoine, Áitribh agus Oibreacha</p> <p>An dea-chleachtas lena gcuirtear an oidhreacht chun cinn a chur chun tosaigh maidir leis an oidhreacht foirgníochta a chaomhnú.</p> <p>Oiliúint shaindírithé i scileanna traidisiúnta a chur ar fáil do dhaoine den fhoireann.</p> <p>Leanúint den Tionscadal Seandálaíochta Pobail a chur i bhfeidhm agus a thabhairt chun cinn.</p> <p>Bearta iniúchóireachta agus suirbhéireachta a dhéanamh ar oidhreacht foirgníochta an chontae.</p> <p>Cur leis an aird ar oidhreacht foirgníochta an chontae.</p> <p>Cur leis an tuiscint ar an reachtaíocht reatha ar na bearta forfheidhmiúcháin maidir le cúrsaí oidhreachta agus oiliúint a chur ar fáil de réir mar is cuí.</p> <p>An athúsáid oiriúnach as foirgnimh stairiúla agus as an láthair ina bhfuil siad suite a spreagadh.</p> <p>Oibriú i gcomhar leis an gComhairle Oidhreachta, Seirbhísí na Séadchomharthaí, an tSeirbhís Chomhairle maidir leis an Oidhreacht</p>	<p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p>	<p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p>	<p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p> <p>✓</p>	

Cuspóir 1 Tuiscint, Meas agus Rannpháirtíocht	Cuspóir 2 Bailiú Eolais agus Scaipeadh Eolais	Cuspóir 3 An Polasaí Caomhnúcháin & Gníomhartha Caomhnúcháin		
Téamaí		1	2	3
Foirgníochta, eagraíochtaí éagsúla lucht gairme, forais léinn, muintir na háite i gcomharsanachtaí éagsúla agus daoine eile maidir le tionscadail a fhorbairt agus an sárchleachtas oidhreachta a thabhairt chun cinn.				
Caidreamh le geallsealbhóirí agus tabhairt faoi dheiseanna				
Oibriú i gcomhar le geallsealbhóirí maidir le gníomh éifeachtúil i ndáil leis an oidhreacht foirgníochta.		✓	✓	✓
Oibriú i gcomhar leis an Rialtas agus le gníomhaireachtaí áitiúla maidir le tionscadail agus tionscnaimh i ndáil leis an oidhreacht foirgníochta a fhorbairt.		✓	✓	✓
Deiseanna cistíochta a aimsiú agus oibriú le páirtneírí tionscadail i ndáil le tionscnaimh éagsúla maidir leis an oidhreacht foirgníochta a fhorbairt.				

AGUISÍN I: TREORACHA ÓN AE, REACHTAÍOCHT NA hÉIREANN & COINBHINSIÚIN IDIRNÁISIÚNTA A BHAINNEANN LE hÁBHAR

Treoracha de chuid an AE	
Pleanáil & an Oidhreacht Foirgníochta	An Treoir maidir le SEA 2001/42/CE (Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta) An Treoir maidir le EIA 1985/37/CEE (arna leasú) (Measúnacht Tionchair Timpeallachta)
Cartlanna & Bainistíocht Taifead	Na Rialacháin um Acht na gComhphobal Eorpach, 1972 (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil) 1998 An Treoir maidir le INSPIRE (2007/2/CE – Bonneagar d'Fhaisnéis Spáis sa Chomhphobal Eorpach)
An Oidhreacht Nádúrtha	An Treoir maidir le hÉin (Treoir ón gComhairle 79/409/CEE) An Treoir maidir le Gnáthóga (Treoir ón gComhairle 92/43/CEE) An Treoir maidir le hÉisc Fionnuisce (Treoir ón gComhairle 78/659/CE) An Chreat-Treoir Uisce (Treoir ón gComhairle 2000/60/CE) An Treoir maidir le Dliteanas Comhshaoil (Treoir ón gComhairle 2004/35/CE)

Coinbhinsiúin Idirnáisiúnta	
Seandálaíocht	An Coinbhinsiún Eorpach maidir leis an Oidhreacht Seandálaíochta a Chosaint (Coinbhinsiún Valletta), 1997
Ailtireacht	An Coinbhinsiún Eorpach maidir le hOidhreacht Ailtireachta na hEorpa a

	<p>Chosaint (Coinbhinsiún Granada), 1997 Cairt Burra mar a aontaíodh sa bhliain 1999 Cairt Nizhny Tagil maidir leis an Oidhreacht Tionsclaíochta, 2003 Comhphrionsabail ICOMOS-TICCIH maidir le Suímh, Déanmhais, Limistéir agus Tírdhreacha Oidhreachta Tionsclaíochta a Chaomhnú 2011 <i>(Prionsabail Bhaile Átha Cliath)</i></p>
An Oidhreacht Nádurtha	<p>An Coinbhinsiún maidir le Caomhnú Fhiadhúlra agus Ghnáthóga Nádurtha na hEorpa (Coinbhinsiún Berne), 1979 An Coinbhinsiún maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine (Coinbhinsiún Bonn), 1979 An Comhaontú maidir le hIaltóga a Chaomhnú san Eoraip (Coinbhinsiún Bonn), 1993 An Coinbhinsiún maidir le Bogaigh a bhfuil Tábhacht Idirnáisiúnta leo (Coinbhinsiún Ramsar), 1971 Coinbhinsiún maidir le hIléagsúlacht Bitheolaíochta, 1992 An Coinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis atá i mBaol (CITES), 1974 An Comhaontú maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú (AEWA) (Coinbhinsiún Bonn), 1996 An Comhaontú Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach 1994, (1996) An Straitéis Uile-Eorpach um Iléagsúlacht Bitheolaíochta agus Tírdhreacha</p>
Cultúr agus an Oidhreacht Nádurtha	<p>Coinbhinsiún UNESCO maidir leis an Oidhreacht Dhomhanda, Chultúrtha agus Nádurtha a Chaomhnú Cairt ICOMOS maidir le Láithreáin Oidhreachta Cultúir a Léirmhíniú agus a Ullmhú An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) (Rialachán (AE) 2016/697</p>
An Taobh Tíre	<p>An Coinbhinsiún um Thírdhreach na hEorpa, 2000</p>

Reachtaíocht na hÉireann	
Planning & Built Heritage	<p>Acht na hOidhreachta Ailtireachta (Fardal Náisiúnta) 1999 An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 An tAcht Oidhreachta 1995</p>
Archaeology & Archaeological Objects	<p>Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 arna leasú 1954, 1987, 1994 & 2004 An tAcht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997</p>
Heritage Objects, Museums, Archives & Records Management	<p>An tAcht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997 An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001, S.80 An tAcht um Chartlann Náisiúnta, 1986 An tAcht um Chosaint Sonraí, 1988 An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997 An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) (Rialachán (AE) 2016/697</p>
An Ghaeilge	<p>Acht na Gaeltachta, 2012</p>
An Oidhreacht Nádurtha	<p>Na hAchtanna Fiadhúlra 1976 go dtí 2012 An tAcht lascaigh (Comhdhlúthú), 1959 An tAcht lascaigh (Leasú), 1999 An tOrdú um Flóra (Cosaint) Order, 2015 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádurtha)</p>

	2011 agus 2013
An Taobh Tíre	Na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbair, 1963-1999 An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000

Aguisín 1 Coinbhinsiúin idirnáisiúnta a bhaineann le hábhar, teoracha de chuid an AE agus reachtaíocht na hÉireann maidir le cúrsaí oidhreachta

Aguisín 2 Tionscnaimh faoi Phlean Oidhreachta Chontae na Gaillimhe agus faoi Phlean Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2010-2016

Aguisín 3 Comhaltaí uile Fhóram Oidhreachta Chontae na Gaillimhe agus Ghrúpa Stiúrtha Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe agus na ngrúpaí oibre

Aguisín 4 Léargas ginearálta ar an bpróiseas comhairliúcháin

Aguisín 5 Cáipéisí teorach, pleananna agus straitéisí

Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015 – 2021

An Leabhar Tairisceana maidir le Gaillimh 2020

Plean Cultúir Chomhairle Chontae na Gaillimhe

Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) Chontae na Gaillimhe 2016 - 2022

Straitéis Turasóireachta do Chontae na Gaillimhe

An Plean Náisiúnta Oidhreachta

An Plean Náisiúnta Bithéagsúlachta

Cultúr 2025

Éire Ildánach 2017-2022

Plean Oidhreachta Uiscebhealaí Éireann 2016-2020

Aguisín 6 Gluais Téarmaíochta